Scéalta spóirt – rugbaí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta rugbaí. An féidir leat Gaeilge a chur ar na focail seo thíos sula bhféachfaidh tú ar an mír. Bí ag obair leis an duine in aice leat.

1. South Africa _____
2. very complicated _____
3. widespread _____
4. championship _____
5. cancelled _____
6. one case surfaced _____
7. except _____
8. close contact _____
9. move, stir _____
10. ina mess, complicated _____

Anois, féach ar an tuairisc agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail thuas inti.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus cuir na ceisteanna thíos ar an duine in aice leat:

1. Cén fáth a bhfuil foireann na Mumhan in Cape Town?
2. Cén fáth nach bhfuil cead acu teacht abhaile?
3. Cad a deir Jack Chambers faoin scéal?
4. Cé leis a raibh siad in ainm is a bheith ag imirt Dé Sathairn seo caite?
5. Cé as na foirne seo: *Zebre*, *Scarlets*, *Cardiff Blues* agus *Bulls*?
6. Cén fáth ar luadh Corn *Heineken* na hEorpa?

Ceist 3 '*…go ceann deich lá*...' **ACH** *go ceann coicíse*

Féach ar na samplaí agus ansin aistrigh na habairtí go Gaeilge.

ar feadh míosa; ar feadh ceithre mhí
i gceann bliana; i gceann céad bliain
go ceann lae; go ceann cúpla lá

- The meeting was adjourned for a week.
- I was in Italy last year for two weeks.
- They won't be here for another few hours.
- I will see you in a few months.
- Your father will be home in five minutes.
- I'm going to Egypt for a month in a week's time.

Ceist 4 '*…D'éirigh le*…'

Tá a lán briathra frásacha (*phrasal verbs*) i nGaeilge. Cad é an réamhfhocal simplí a théann leis na briathra seo thíos? Cuir in abairtí iad chun a mbrí a léiriú.

beir
cuir
cuir suas
éirigh
iarr
teip

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an tábla thíos. Tá an bosca faoi Chúige Mumhan líonta isteach. Líonaigí isteach na boscaí faoi na cúigí eile.

Cúige Mumhan	**Cúige Chonnacht**
Duine ó Chúige Mumhan: *Muimhneach* Daoine ó Chúige Mumhan: *Muimhnigh* Na Contaetha: *Contae Chiarraí* *Contae an Chláir* *Contae Chorcaí* *Contae Luimnigh* *Contae Phort Láirge* *Contae Thiobraid Árann*	Duine ó Chúige Chonnacht: _____ Daoine ó Chúige Chonnacht: _____ Na Contaetha:

Cúige Laighean	**Cúige Uladh**
Duine ó Chúige Laighean: _____ Daoine ó Chúige Laighean: _____ Na Contaetha:	Duine ó Chúige Uladh: _____ Daoine ó Chúige Uladh: _____ Na Contaetha:

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine i do ghrúpa.

1. Cad atá ar eolas againn ag an bpointe seo faoin athraitheach, Omicron?
2. An bhféachann tú ar aon spórt ar an teilifís? Cén fáth?
3. An ndéanann aon spórt a imrítear in Éirinn dochar don tsláinte? Pléigh.

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1.	South Africa	*An Afraic Theas*
2.	very complicated	*fíorchasta*
3.	widespread	*go forleathan*
4.	championship	*craobh*
5.	cancelled	*curtha ar ceal*
6.	one case surfaced	*tháinig cás amháin chun cinn*
7.	except	*seachas*
8.	close contact	*gartheagmhálaí*
9.	move, stir	*corraí*
10.	in a mess, complicated	*in aimhréidh*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Cuireadh an cruinniú siar go ceann seachtaine.
Bhí mé san Iodáil anuraidh ar feadh coicíse.
Ní bheidh siad anseo go ceann cúpla uair a chloig eile.
Feicfidh mé i gceann cúpla mí thú.
Beidh d'athair sa bhaile i gceann cúig nóiméad.
Beidh mé ag dul chun na hÉigipte ar feadh míosa i gceann seachtaine.

Ceist 4

éirigh le	*succeed*
beir ar	*catch*
cuir as do	*annoy*
cuir faoi	*live*
cuir suas le	*put up with*
éirigh as	*retire, quit, give up*
iarr ar	*ask*
teip ar	*fail*

Ceist 5

Cúige na Mumhan	**Cúige Chonnacht**
Duine ó Chúige Mumhan: *Muimhneach* Daoine ó Chúige Mumhan: *Muimhnigh* Na Contaetha: *Contae Chiarraí* *Contae an Chláir* *Contae Chorcaí* *Contae Luimnigh* *Contae Phort Láirge* *Contae Thiobraid Árann*	Duine ó Chúige Chonnacht: *Connachtach* Daoine ó Chúige Chonnacht: *Connachtaigh* Na Contaetha: Contae na Gaillimhe Contae Liatroma Contae Mhaigh Eo Contae Ros Comáin Contae Shligigh

Cúige Laighean	**Cúige Uladh**
Duine ó Chúige Laighean: *Laighneach* Daoine ó Chúige Laighean: *Laighnigh* Na Contaetha: Contae Bhaile Átha Cliath Contae Cheatharlach Contae Chill Chainnigh Contae Chill Dara Contae Chill Mhantáin Contae na hIarmhí Contae Laoise Contae Loch Garman Contae an Longfoirt Contae Lú Contae na Mí Contae Uíbh Fhailí	Duine ó Chúige Uladh: *Ultach* Daoine ó Chúige Uladh: *Ultaigh* Na Contaetha: Contae Aontroma Contae Ard Mhacha Contae an Chabháin Contae Dhoire Contae an Dúin Contae Dhún na nGall Contae Fhear Manach Contae Mhuineacháin Contae Thír Eoghain

Ceist 6
Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a fhreagairt.

Ruairí Mac an Iomaire

Cúrsaí rugbaí ar dtús tráthnóna, agus táthar ag déanamh gach ar féidir a dhéanamh, a deir an tAire Spóirt, Jack Chambers, le foireann rugbaí na Mumhan a thabhairt abhaile slán ón Afraic Theas, agus cúrsaí taistil ón tír sin anois fíorchasta go deo de bharr Omicron, an cineál nua, ar ndóigh, den víreas COVID a bheith forleathan anois sa tír.

Tá socruithe á ndéanamh, deirtear, le formhór fhoireann rugaí na Mumhan a thabhairt abhaile as Cape Town. Thaistil na Muimhnigh chun na hAfraice Theas seachtain ó shin ar ndóigh agus iad le dhá chluiche a imirt thall, mar chuid den Chraobh Rugbaí Aontaithe. An cluiche idir iad féin agus na *Bulls* a bhí le tarlú Dé Sathairn curtha ar ceal ansin Dé hAoine de bharr an chineáil nua 'Omicron' den víreas COVID, atá anois go forleathan sa tír.

D'éirigh le foireann *Zebre* na hIodáile agus le *Scarlets* na Breataine Bige, a bhí freisin le cluichí a imirt thall, an tír a fhágáil ar eitilt speisialta inné, agus bhí súil ag Cúige Mumhan agus ag na *Cardiff Blues* taisteal leo. Ach tháinig cás amháin chun cinn i measc fhoireann na Mumhan agus dá bharr, b'éigean dóibh filleadh ar an óstán agus dul i mbun aonrú. Táthar dóchasach anois a dúirt an tAire Spóirt, Jack Chambers, go mbeidh siad ar fad in ann filleadh seachas beirt – an té ar a bhfuil an víreas agus duine a bhí ina ghartheagmhálaí dó sin.

Tá tástáil PCR eile déanta inniu ag na Muimhnigh ar fad thall inniu. Dá bharr, beidh sé amárach ar a laghad sula mbeidh aon duine in ann corraí. Beidh orthu ar fad ansin dul i mbun aonrú go ceann deich lá nó mar sin nuair a shroicheann siad Éire. Ní hamháin anois go bhfuil an Chraobh Rugbaí Aontaithe go mór in aimhréidh, ach d'fhéadfadh Corn *Heineken* na hEorpa freisin a bheith buailte agus Cúige Mumhan le haghaidh a thabhairt ar *Wasps*, Londain, sa gComórtas sin, coicís ó inné.